Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Márta 2024
(OR. en)

7212/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0414(COD)

SOC 161
EMPL 90
MI 238
DATAPROTECT 119
CODEC 644

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7126/24 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14450/21 - COM(2021) 762 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin<br>*– Anailís ar an téacs comhréitigh críochnaitheach d'fhonn teacht ar chomhaontú* |

## I. RÉAMHRÁ

An 9 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún an togra uaidh le haghaidh Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin. Féachann an togra leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) feabhas a chur ar dhálaí oibre na n-oibrithe ardáin tríd an gcinneadh ceart maidir lena stádas fostaíochta a éascú trí thoimhde dhlíthiúil infhrisnéise (Caibidil II),

(2) feabhas a chur ar chosaint shonraí pearsanta na ndaoine a dhéanann obair ardáin trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht, ar chothroime agus ar chuntasacht maidir le húsáid córas uathoibrithe faireacháin nó cinnteoireachta (Caibidil III),

(3) feabhas a chur ar thrédhearcacht na hoibre ardáin (Caibidil IV) agus leigheasanna áirithe agus bearta forfheidhmiúcháin áirithe a chur i bhfeidhm (Caibidil V).

Faoin mbunús dlí ábhartha, i.e. Airteagal 153(2)(b) CFAE, i gcomhar le pointe (b) d'Airteagal 153(1), agus Airteagal 16(2) CFAE, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

Ag tógáil ar obair Uachtaránacht na Slóivéine agus Uachtaránacht na Fraince agus tar éis iarracht tosaigh a dhéanamh faoi Uachtaránacht na Seice i mí na Nollag 2022, bhain an Chomhairle cur chuige ginearálta[1] amach faoi Uachtaránacht na Sualainne an 7 Meitheamh 2023.

Vótáil Parlaimint na hEorpa chun tús a chur le caibidlíocht idirinstitiúideach an 2 Feabhra 2023[2].

## II. <u>STAID NA hIMEARTHA</u>

Bhí an togra faoi réir ocht gcinn de chruinnithe tríthaobhacha, a raibh an chéad cheann acu ar siúl an 11 Iúil 2023 faoi Uachtaránacht na Spáinne. Ag an séú cruinniú tríthaobhach an 12 agus an 13 Nollaig 2023, d'éirigh leis na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú sealadach[3]. Mar sin féin, ní bhfuair an togra seo an tacaíocht a bhí uaidh ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 22 Nollaig 2023.

Thosaigh Uachtaránacht na Beilge ar an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhad arís d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin reachtas reatha. Fuair sí sainordú athbhreithnithe ag cruinniú Coreper an 26 Eanáir 2024[4] a bhí bunaithe den chuid is mó ar an gcomhaontú sealadach ar thángthas air i mí na Nollag, agus forálacha Chaibidil II á gcoinneáil gar do na forálacha atá sa chur chuige ginearálta.

---

[1] 10107/23
[2] A9-0301/2022
[3] 16187/23 + ADD 1 agus ADD 2.
[4] 5816/24 + COR1

Chuir an Pharlaimint in iúl don Uachtaránacht ag an seachtú cruinniú tríthaobhach an 30 Eanáir nach bhféadfaí teacht ar chomhaontú ar an mbonn sin. Tar éis caibidlíocht dheacair, tháinig foirne caibidlíochta an dá chomhreachtóir ar chomhaontú ag an ochtú cruinniú tríthaobhach an 8 Feabhra 2024 maidir le téacs comhréitigh sealadach nua. Is éard atá sa chomhaontú sin cur chuige malartach maidir leis an toimhde dhlíthiúil, rud a fhágann faoi lánrogha na mBallstát módúlachtaí a bhunú chun toimhde dhlíthiúil éifeachtach a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta. Leagtar amach príomhghnéithe an dara comhaontú sealadach seo i roinn III thíos.

Mar sin féin, sna cruinnithe a bhí aige an 16 Feabhra agus an 8 Márta 2024, ní raibh Coreper in ann tacú – le corrlach an-bheag – leis an gcomhaontú sealadach. Dá bhrí sin, tá an tsaincheist á cur ag an Uachtaránacht faoi bhráid na n-airí chun anailís a dhéanamh uirthi d'fhonn teacht ar chomhaontú.

## III. PRÍOMHGHNÉITHE CHOMHAONTÚ SEALADACH AN 8 FEABHRA 2024

Leagtar téacs chomhaontú sealadach an 8 Feabhra amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an Nóta seo. Déantar tagairt sna mínithe thíos don aguisín seo.

Caibidil I – Forálacha Ginearálta

Tá Caibidil I fós ag teacht go mór i gcónaí le meon an chur chuige ghinearálta. Bhí an Uachtaránacht in ann a áirithiú sa chaibidlíocht go raibh Caibidil I ina hiomláine, agus go háirithe Airteagal 3 maidir le hidirghabhálaithe, gan athrú i gcomparáid le sainordú athbhreithnithe na Comhairle an 26 Eanáir.

Leagtar amach go sonrach sa Chaibidil lena mbaineann, chun nach rachfar timpeall ar fhorálacha na Treorach trí úsáid a bhaint as idirghabhálaithe, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú, nuair a bhaineann ardán saothair digiteach úsáid as idirghabhálaithe, go bhfuil an leibhéal céanna cosanta a thugtar faoin Treoir seo ag na daoine sin a dhéanann obair ardáin agus a bhfuil gaol conarthach acu le hidirghabhálaí agus atá ag daoine a bhfuil gaol conarthach díreach acu le hardán saothair digiteach (Airteagal 3). Chuige sin, ceanglaítear orthu sásraí iomchuí a thabhairt isteach lena n-áireofar, i gcás inarb iomchuí, córais dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh.

Caibidil II – Stádas fostaíochta

I gCaibidil II maidir le stádas fostaíochta, rinneadh na hathruithe ba shuntasaí i gcomparáid leis an gcur chuige ginearálta. Tar éis don Pharlaimint diúltú leanúint den chaibidlíocht bunaithe ar shainordú athbhreithnithe an 26 Eanáir, bhí gá le cur chuige difriúil maidir leis an toimhde dhlíthiúil chun gurbh fhéidir teacht ar chomhaontú. Braitheann an cur chuige sin, ar a bhfuil comhaontú sealadach an 8 Feabhra bunaithe, ar oibleagáid a chur ar na Ballstáit toimhde dhlíthiúil éifeachtach infhrisnéise maidir le fostaíocht a bhunú seachas sásra na toimhdean dlíthiúla a lua go mion (Airteagal 5(1) agus (2)).

Dá bhrí sin, tá na Ballstáit freagrach as módúlachtaí na toimhdean dlíthiúla a bhunú. Ciallaíonn sé sin go dtugtar lánrogha do na Ballstáit maidir le sásra na toimhdean a shainiú. Ina theannta sin, foráiltear leis go bhfuil na Ballstáit freagrach as cásanna a shainiú ina bhfaightear go bhfuil fíricí leordhóthanacha ann a léiríonn rialú agus treo a spreagann an toimhde dhlíthiúil.

Laistigh den chreat sin, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit fós toradh a áirithiú, rud a chiallaíonn go bhfuil an toimhde dhlíthiúil *éifeachtach* ar bhealach arb ionann é agus éascú nós imeachta chun tairbhe daoine a dhéanann obair ardáin. Déantar mionsaothrú ar choincheap na héifeachtachta in aithris 32, ina luaitear gur gá go bhfágfaidh an toimhde dhlíthiúil go bhfuil sé éasca go héifeachtach don duine a dhéanann obair ardáin tairbhe a bhaint as an toimhde, ar thaobh amháin, agus nár cheart na ceanglais faoin toimhde dhlíthiúil a bheith trom agus gur cheart go n-éascódh siad na deacrachtaí a bhíonn acu siúd a dhéanann obair ardáin ó thaobh fianaise a sholáthar lena léirítear gurb ann do chaidreamh fostaíochta, ar an taobh eile.

Is ábhar don dlí náisiúnta fós é an cinneadh críochnaitheach maidir le stádas ceart fostaíochta, mar a shainítear sa dlí náisiúnta, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm sna Ballstáit, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh.

Mar atá sa chur chuige ginearálta, leagtar amach sna rialacha maidir le frisnéis, i gcás ina ndéanann an t-ardán saothair digiteach an toimhde dhlíthiúil a fhrisnéis, gur ar an ardán saothair digiteach atá an dualgas cruthúnais nach caidreamh fostaíochta é an caidreamh conarthach atá i gceist, mar a shainmhínítear sna Ballstáit.

I gcomhréir leis an gcur chuige ginearálta, rinneadh an riail gur cheart feidhm a bheith ag an toimhde dhlíthiúil i ngach imeacht riaracháin nó breithiúnach ábhartha i gcás ina bhfuil cinneadh ceart stádas fostaíochta an duine a dhéanann obair ardáin i gceist a choinneáil taobh leis an díolúine d'imeachtaí a bhaineann le cúrsaí cánach, coiriúla agus slándála sóisialta (Airteagal 5(3)).

Tá sé d'oibleagáid ar na húdaráis náisiúnta inniúla gníomhú, i gcás ina measann siad go bhféadfadh sé go ndéanfaí duine a dhéanann obair ardáin a aicmiú go mícheart. Tá lánrogha acu, áfach, maidir leis an mbeart atá le déanamh a roghnú (Airteagal 5(5)). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na húdaráis náisiúnta inniúla gníomhaíochtaí *nó* imeachtaí iomchuí a thionscnamh.

Ar an gcaoi chéanna, tá údaráis sna Ballstáit freagrach as cinneadh a dhéanamh rialuithe agus cigireachtaí a dhéanamh, *i gcás inarb iomchuí*, i gcás inar chinn údarás inniúil náisiúnta gurb ann do stádas fostaíochta duine a dhéanann obair ardáin. Comhfhreagraíonn sé sin do shainordú athbhreithnithe an 26 Eanáir agus déantar foráil ann maidir le lánrogha nach beag na n-údarás inniúil náisiúnta.

Caibidil III – Bainistiú algartamach

Níor tháinig aon athrú ar an gCaibidil a bhaineann le bainistiú algartamach i gcomparáid le sainordú athbhreithnithe an 26 Eanáir. Tá na coimircí is gá ann chun daoine a dhéanann obair ardáin a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le húsáid córas faireacháin agus cinnteoireachta uathoibrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) uimhreacha (8) agus (9). Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a áireamh sna coimircí sin:

- Toirmeasc ar phróiseáil cineálacha áirithe sonraí, mar shampla sonraí pearsanta maidir le staid mhothúchánach agus shíceolaíoch duine a dhéanann obair ardáin, nó chun críocha sonracha áirithe, mar shampla sonraí bithmhéadracha a phróiseáil chun críche sainaithint nó próiseáil sonraí pearsanta chun feidhmiú ceart bunúsach a thuar (Airteagal 7);
- Trédhearcacht fheabhsaithe maidir le córais faireacháin agus cinnteoireachta uathoibrithe do dhaoine a dhéanann obair ardáin agus dá n-ionadaithe (Airteagal 9);
- Formhaoirseacht dhaonna ar chórais faireacháin agus cinnteoireachta uathoibrithe, lena n-áirítear trí mheastóireacht dhébhliantúil agus ag foireann atá cáilithe go sonrach chun cinntí uathoibrithe a shárú, a bhfuil cosaint ar leith acu (Airteagal 10);
- Is duine daonna a dhéanfaidh aon chinneadh an caidreamh conarthach nó cuntas duine a dhéanann obair ardáin nó aon chinneadh eile a dhéanann aimhleas coibhéiseach a shrianadh, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh (Airteagal 10(5));
- An ceart chun athbhreithniú daonna a fháil ar chinntí arna ndéanamh ag córais faireacháin agus-cinnteoireachta uathoibrithe, lena n-áirítear an ceart teacht ar dhuine teagmhála daonna agus ráiteas i scríbhinn ar chúiseanna a fháil (Airteagal 11);
- An oibleagáid chun meastóireacht a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le córais faireacháin agus cinnteoireachta uathoibrithe maidir le sábháilteacht agus sláinte oibrithe (Airteagal 12);

Caibidil IV Trédhearcacht maidir le hobair ardáin

I gcomparáid le sainordú athbhreithnithe an 26 Eanáir, ní thiocfadh aon athrú ar an gCaibidil a phléann le trédhearcacht maidir le hobair ardáin. Ceanglaítear leis ar ardáin saothair dhigiteacha an obair a dhéanann oibrithe ardáin a dhearbhú (Airteagal 16) agus áirítear ann foráil go gcuirfear cineálacha áirithe faisnéise a bhaineann le daoine a dhéanann obair ardáin ar fáil d'údaráis inniúla agus d'ionadaithe daoine a dhéanann obair ardáin (Airteagal 17).

Caibidil V – Leigheasanna agus forfheidhmiú

Déantar foráil sa Chaibidil seo, go háirithe, maidir leis an gceart chun sásaimh do dhaoine a dhéanann obair ardáin (Airteagal 18), maidir leis an bhféidearthacht d'ionadaithe dul i mbun imeachtaí chun cearta a eascraíonn as an Treoir (Airteagal 19) a fhorfheidhmiú, maidir le bealach cumarsáide tiomnaithe agus cosanta a bhunú do dhaoine a dhéanann obair ardáin (Airteagal 20), maidir leis an bhféidearthacht atá ag cúirteanna náisiúnta ordú a thabhairt don ardán saothair digiteach fianaise atá ábhartha d'imeacht a nochtadh (Airteagal 21) agus maidir le pionóis éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun fhorálacha na Treorach (Airteagal 24).

Ba é an t-aon athrú ar an gCaibidil seo i gcomparáid le sainordú athbhreithnithe an 26 Eanáir mír 3 nua a chur le hAirteagal 24. Foráiltear leis an bhforáil seo go gcomhoibreoidh údaráis inniúla náisiúnta na mBallstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, trí fhaisnéis agus dea-chleachtais ábhartha a mhalartú agus cur chun feidhme na toimhdean dlí.

Caibidil VI – Forálacha críochnaitheacha

I gcomparáid le sainordú athbhreithnithe an 26 Eanáir, ní raibh an Chaibidil seo faoi réir ach mionathruithe.

## IV. CONCLÚID

Measann an Uachtaránacht go gcuirtear creat rialála fónta agus cothrom ar fáil don obair ardáin leis an gcomhaontú sealadach a leagtar amach in Aguisín I a ghabhann leis an nóta seo.

Ar thaobh amháin, tugann sé cosaint láidir do dhaoine a dhéanann obair ardáin i gcoinne aicmiú mar dhaoine féinfhostaithe bréagacha; tugtar aghaidh leis, den chéad uair i ndlí an Aontais, ar na dúshláin a bhaineann le córais faireacháin agus cinnteoireachta uathoibrithe a úsáid; déantar foráil leis maidir le trédhearcacht agus rialaítear úsáid na gcóras sin, déantar obair ardáin trédhearcach fiú i gcásanna trasteorann chomh maith le foráil a dhéanamh do ról láidir d'ionadaithe na ndaoine a dhéanann obair ardáin.

Ar an taobh eile, déantar foráil ann maidir le creat rialála soiléir, lena rannchuidítear le hailíniú reachtaíocht na mBallstát, lena soláthraítear an deimhneacht dhlíthiúil a theastaíonn ó ardáin saothair dhigiteacha d'ardáin saothair dhigiteacha agus lena gcothaítear, dá bhrí sin, fás inbhuanaithe na n-ardán saothair digiteach.

Ag an am céanna, le comhaontú sealadach an 8 Feabhra, urramaítear meon an chur chuige ghinearálta agus comhfhreagraíonn sé, i bhformhór na gcodanna, don sainordú athbhreithnithe a dheonaigh Coiste na mBuanionadaithe an 26 Eanáir 2024.

Iarrann an Uachtaránacht ar na hairí an bealach a réiteach don phíosa reachtaíochta ceannródaíoch seo, lena dtugtar aghaidh ar bhealach eiseamláireach ar go leor de na rioscaí a bhaineann leis an réabhlóid dhigiteach san ionad oibre, agus gan tuilleadh moille a chur ar a theacht i bhfeidhm.

Iarrtar ar an gComhairle:

- an téacs comhréitigh críochnaitheach a chomhaontú, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an Nóta seo é, agus

- sainordú a thabhairt don Uachtaránacht litir a sheoladh chuig Uachtarán Choiste EMPL de Pharlaimint na hEorpa lena ndearbhaítear, má ghlacann Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(3) CFAE, san fhoirm chéanna a leagtar amach sa téacs comhréitigh a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an Nóta seo (faoi réir bailchríoch a bheith curtha air ag na dlítheangeolaithe ón dá institiúid), go bhformheasfadh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) CFAE, seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfar an gníomh san fhoclaíocht a chomhfhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.